C/2025/4122

24.7.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/4122)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Miel de tilleul de Picardie’

Uimh. AE: PGI-FR-03290 — 18.7.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha) TGFC**

‘Miel de tilleul de Picardie’

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Fhrainc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0409 — Mil nádúrtha

3.2. *Tuairisc ar an táirge dá dtagraíonn an t-ainm in (1)*

Is mil é ‘Miel de tilleul de Picardie’ (mil teile Picardie) a tháirgeann beacha den speiceas Apis mellifera ó neachtar bhláthanna an speicis Tilia sp. Is mil aonbhlátha í.

Cuirtear i láthair i bhfoirm leachtach nó chriostalaithe í.

— Saintréithe ceimiceacha:

Seoltacht leictreach [mS/cm]: ≤ 0,7

Cion taise (%): ≤ 18

Cion hiodrocsaimeitiolfúrfúrail: (mg/kg): ≤ 10 tar éis an eastósctha

— Saintréithe pailine:

Bíonn speictream pailine ag ‘Miel de Tilleul de Picardie’ arb éard atá ann pailin ó speicis luibheolaíocha éagsúla. Mar sin féin, tá sé inmhianaithe trí phailin a bheith ann, is iad sin pailin ón gcastán, ón teile agus ón dris, toisc gur marcóirí de chuid limistéar geografach an TGFC iad. Is príomhphailin nó pailin thánaisteach in ‘Miel de Tilleul de Picardie’ ceann amháin ar a laghad díobh sin.

D’fhéadfadh sé nach mbeadh aon phríomhphailin ná aon phailin thánaisteach i mil teile Picardie. I gcásanna den sórt sin, ní mór ceann amháin ar a laghad de na pailiní marcóra a bheith ann mar phailin scoite. Ní tháirgeann crainn teile ach beagán pailine, rud a mhíníonn an fáth nach bhfuil sé ann i gcainníochtaí móra.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Léirítear sa tábla thíos na pailiní is minice a fhaightear in 'Miel de Tilleul de Picardie'. Tá na pailiní sin ann i measc áin agus i gcoibhneasa éagsúla.

Pailiní is líonmhaire (> 45 %)	Pailiní tánaisteacha (Idir 15 % agus 45 %)	Pailiní scoite (< 15 %)
Aol	Aol	*Asteraceae*, torthaí, *Poaceae*, lus na gréine, *Ranunculaceae*, *Lamiaceae*, *Brassicaceae*, *Rosaceae*, seamair, lus nathrach, peasair, *Oleaceae*, dris, slánlus, teile, *Apiaceae*, caisearbhán
Castán	Castán	
	Dris	

— Tréithe orgánaileipteacha:

Raimhre: aonchineálach (gan deighilt ina gcéimeanna), é ina leacht nó criostalaithe

Dath éadrom, dath buí na tuí, lena mbaineann imireacha scothghlasa

Dea-bholadh: dea-bholadh luibhe ina bhfuil bolaithe úra, meantólaithe de dhéine idir measartha agus ard

Blas: blas úr agus meantólaithe nó blas cógaisíochta, searbh, milseacht mheánach, aigéadacht mheánach

Marthanacht sa bhéal: idir meánach agus ard

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn na céimeanna táirgthe uile, ó na coirceoga beach a chur ina n-áit go buaint na n-uachtar, sa limistéar geografach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaítear sa limistéar geografach:

— 324 bhardas in Aisne;

— 585 bhardas in Oise;

— 22 bhardas in Somme;

— 539 mbardas in Pas-de-Calais;

— 11 bhardas in Val d'Oise.



5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc leis an tionscnamh bunaithe ar cháilíocht shonrach 'Miel de Tilleul de Picardie' agus ar a cháil.

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Suite i ndeisceart Hauts-de-France agus lastuaidh de Ile-de-France, tairbhíonn Picardie d'aeráid mhuirí fhionnuar ina bhfuil grádán ilchríochach i dtreo an oirthir. Tá sé sin fabhrach do chlampaí crann leathanduilleach, a dteastaíonn taise uathu.

Tá cumhdach mór foraoise in Picardie, atá suite ar ardchláir threasacha Abhantrach Pháras agus atá comhdhéanta den chuid is mó de chrainn leathanduilleacha (92 % i gcomparáid le 71 % ar fud na tíre), lena gcumhdaítear 17 % den talamh in Picardie le coillearnach atá dáilte go míchothrom. Tá na limistéir mhóra faoi chrainn suite sa leath theas: chumhdaíonn Parc Naturel Régional de l'Oise-Pays de France ar bhruach clé abhainn Oise 60 000 ha, ar foraois í 20 000 ha de, lena gcuimsítear foraoisí Halatte, Ermenonville, Chaalis agus Chantilly, agus foraoisí bardasacha.

Is crainn teile iad 3,2 % den stoc réigiúnach, lena gcumhdaítear achar dromchla 7 600 heicteár. Rangaítear crainn teile sna sonraí ó Centre Régional de la Propriété Forestière (an Lárionad Réigiúnach um Úinéireacht Foraoiseachta) mar an 8ú speiceas is tábhachtaí in Picardie, mar gheall ar na dálaí ithreach agus aeráide, atá fabhrach d'fhás an speicis crann sin. Is speiceas é a liostaítear i gclampaí foraoise in éineacht le crainn castán agus crainn lócaiste, agus atá comhchruinnithe i limistéir shonracha.

Is é an teile mhionduilleach (Tilia cordata), speiceas spontáineach fiáin atá coitianta sa Fhrainc san Oirthuaisceart agus sna Piréiní amháin, an speiceas is tábhachtaí in Picardie, seachas an teile mhórdhuilleach (Tilia platyphyllos). Déantar é a idirdhealú ó chrainn eile le cruth a dhuilleog agus tá acmhainn mhilmheara éagsúil aige. Táirgeann an teile mhionduilleach níos mó ná 500 kg neachtar in aghaidh an heicteáir, i gcomparáid le thart ar 200 kg a tháirgeann an teile mhórdhuilleach.

Tarlaíonn imirce shéasúrach na gcoirceog beach idir mí an Mheithimh agus mí Iúil, díreach sula dtagann na crainn teile faoi bhláth: cuireann beachairí na coirceoga i láthair le linn an tséasúir bhláthaithe, agus ina dhiaidh sin buanann siad an mhil teile chun a híonacht a áirithiú. Léiríonn taithí na mbeachairí gur coinníoll riachtanach é crainn teile a bheith ann, ach nach leordhóthanach é i gcónaí ann féin. Chun mil teile a fháil, tá sé tábhachtach gan flúirse speiceas áirithe eile a bheith i mbláth iomlán a dhéanfadh difear do na saintréithe sonracha a bhfuil coinne leo in 'Miel de Tilleul de Picardie'.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Is mil aonbhlátha é 'Miel de Tilleul de Picardie' a tháirgeann beacha go bunúsach ó neachtar bláthanna teile (Tilia sp.), agus déantar idirdhealú idir í agus mil teile eile mar gheall ar an dath níos éadroime atá uirthi agus a blas úr, meantólaithe.

5.3. *Nasc cúisíoch*

Tugann flúirse crann teile sna limistéir mhóra foraoise i ndeisceart Picardie, go háirithe an teile mhionduilleach, a tháirgeann níos mó neachtair ná an teile mhórdhuilleach, talamh torthúil chun mil aonbhlátha a tháirgeadh.

Tá aeráid mhuirí mheasartha Picardie, ina mbíonn an samhradh séimh agus an geimhreadh measartha, fabhrach do shéasúr bláthaithe fada le haghaidh crainn teile. Leis an rogha chun na coirceoga beach a aistriú chuig limistéir ina bhfuil tiúchan níos airde teilí mionduilleacha, atá bainteach leis an mbláthú fada sin, is féidir le beachairí mil a bhuain ó neachtar ar íonacht níos airde agus ina bhfuil méid siúcra níos airde, as a dtagann dath níos éadroime agus blas úr, meantólaithe atá níos suntasaí ná blas meala teile eile, a bhfuil dath níos dorcha orthu agus blas beag caramail nasctha lena dtionscnamh (neachtar ó bhláthanna agus ó dhrúchtín meala le chéile).

Go stairiúil, d'ainmnigh Dictionnaire portatif du commerce in 1770 'mil bhuí Picardie' in éineacht le mil ó réigiúin eile mar tháirge a bhfuil gradam tuillte aige. Níos déanaí fós, tagraíonn Inventaire du patrimoine culinaire de la France (réigiún Picardie) a foilsíodh in 1999 do mhil teile an réigiúin, ag cur a staire i láthair agus á nascadh le cleachtais agus saineolas áirithe.

Sa lá atá inniu ann, aithníonn agus úsáideann bialannaithe mór le rá an mhil chun táirgí bunaithe ar mhil a dhéanamh (cístí, etc.). Is minic a dhéantar tagairt di sa litríocht (an foilseachán Plurielle (adj. féminin) Qui révèle la gastronomie des Hauts-de-France, eagráin Porteplume, 2023: 'Lena blasanna uathúla meantólaithe, meastar go bhfuil mil teile Picardie ar cheann de na cinn is íonaí sa Fhrainc') agus sna meáin (Réussir — L'Action Agricole Picarde, 2021: 'tá uigeacht aonchineálach aici, dea-bholadh luibhe lena mbaineann bolaithe úra nó meantólaithe, agus tá blas úr agus meantólaithe uirthi'), agus tagairt á déanamh dá saintréith mheantóil shainiúil. Is minic a bhuann an mhil boinn ag Concours Général Agricole (Comórtas Ginearálta Talmhaíochta) a reáchtáiltear mar chuid de Sheó Talmhaíochta Idirnáisiúnta Pháras, agus in 2015 bronnadh an Gradam Barr Feabhais uirthi, chomh maith le boinn óir agus airgid in 2019, 2020 agus 2024.

Léiríonn Parc Naturel Régional Oise — Pays de France cáil stairiúil 'Miel de Tilleul de Picardie' freisin, páirc a leagann amach ina bhróisiúir turasóireachta úsáid an chrainn teile i dtáirgeadh meala agus a chuireann 'Miel de Tilleul de Picardie' i láthair mar tháirge suaitheanta ó fhoraoisí áitiúla.

Le roinnt blianta anuas, tá rannpháirtíocht in earnáil 'Miel de Tilleul de Picardie' ag fás. In 2018, bhí thart ar 15 bheachaire ann a tháirg 35 thona.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://extranet.inao.gouv.fr/fichier/CDC-MielTilleulPicardie-CP010425.pdf